Eolas faoi chlár sláinte scoile FSS

Is clár uilíoch na hÉireann um chúram cliniciúil do gach leanbh é an Clár Náisiúnta Óige Sláintiúla de chuid FSS. Tá an tseirbhís saor in aisce do gach leanbh in Éirinn.

Cabhraíonn an clár chun:

- na torthaí is fearr a chruthú do leanaí
- bunchloch na sláinte le linn a saoil a thógáil

Cuirimid gnáth-idirghabhálacha sláinte ar fáil do leanaí. Tá sé mar aidhm leis sin cabhrú le leanaí a bheith folláin agus iad siúd a bhféadfadh idirghabháil luath nó tacaíocht eile de dhíth orthu a aithint.

Gné lárnach den tseirbhís sin is ea an clár sláinte scoile i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna.

An méid atá san áireamh ann

San áireamh sa chlár sláinte scoile tá:

- scagadh ar radharc na súl agus ar éisteacht
- vacsaíní
- an clár fiaclóireachta scoile

Cathain a tharlaíonn sé

De ghnáth cuirtear scagthástáil agus vacsaíní ar fáil sna naíonáin bheaga. (I Sligeach, Liatroim agus Dún na nGall, is é do dhochtúir teaghlaigh a thugann na vacsaíní).

Cuirtear vacsaíní breise ar fáil freisin sa chéad bhliain den iar-bhunscoil.

Cuireann an clár fiaclóireachta scoile scrúdú fiaclóireachta ar fáil do leanaí i ranganna áirithe sa bhunscoil faoi láthair.

Conas a oibríonn sé

Déanfaidh foireann sláinte scoile de chuid FSS teagmháil leis an scoil nuair atá na cuairteanna a bpleanáil. Iarrfaidh siad faisnéis faoi leanaí atá incháilithe don chlár.

An fháisnéis a theastaíonn

De réir dlí, iarrfar ar scoileanna an fhaisnéis seo a leanas a roinnt leis an FSS:

- ainm, seoladh, dáta breithe agus gnéas do linbh
- sloinne breithe na máthar
- Sonraí teagmhála do thuismitheoir/chaomhnóir (lena n-áirítear ainm, uimhir theileafóin agus seoladh ríomhphoist)
- uimhir phearsanta seirbhíse poiblí (PSP) an linbh, más ann dó
- ainm agus uimhir rolla na scoile

Tugann an fhaisnéis sin deis d'altraí sláinte poiblí scoile a gcuairt ar an scoil a phleanáil. Is féidir leo obair leantach a dhéanamh freisin le teaghlaigh nach dtugann foirmeacha toilithe ar

ais, ag cur tacaíocht agus eolas breise ar fáil chun a chinntiú nach bhfágtar leanaí ar lár. Cuidíonn sé sin lena chinntiú go sroicheann an clár an oiread leanaí agus is féidir.

Foirmeacha faisnéise agus toilithe
Cuirfidh an fhoireann sláinte scoile eolas ar fáil faoi scagthástáil agus cuairteanna vacsaíne. Tabharfaidh siad amach foirm thoilithe roimh aon chuairteanna. De ghnáth iompróidh do leanbh iad sin abhaile ina m(h)ála scoile.

Nuair a fhaigheann tú na doiciméid:

1. léigh an t-eolas
2. Comhlánaigh an fhoirm thoilithe – fiafróidh siad sin de ghnáth an dtugann nó nach dtugann tú toiliú
3. Cuir an fhoirm thoilithe ar ais chuig an scoil – Cuir ar ais í, le do thoil, beag beann ar an rogha thoilithe a rinne tú

Seiceálfaidh foireann na scoile na foirmeacha toilithe. Rachaidh siad i dteagmháil leat má tá aon cheisteanna acu.

Molaimid go láidir go mbainfeadh gach leanbh leas as na seirbhísí a chuireann an clár sláinte scoile ar fáil. Tá sé de rogha ag tuismitheoirí agus caomhnóirí toiliú leis na seirbhísí seo nó gan toiliú leo.

Tuilleadh eolais
Chun tuilleadh eolais a fháil faoin gclár sláinte scoile, cliceáil anseo.

PROTECT PREVENT IMMUNISE

mychild.ie